

COMHAD FÍRICÍ: TEICNEOLAÍOCHT DHIGITEACH GCE

CUIR CHUIGE I LEITH FORBAIRT CÓRAIS AS1

</> Ceisteanna slándála

Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:

- mínigh cad chuige a ndéantar sonraí a chartlannú;
- mínigh an gá atá le cúltacú agus aisghabháil;
- modhanna cúltacaithe a luacháil: cúltaca iomlán, cúltaca difreálach agus cúltaca incriminteach;
- mínigh cuspóir plean athshlánaithe ó thubaiste;
- cuir síos ar inneachar plean tipiciúil athshlánaithe ó thubaiste.

Inneachar i gComhad Fíricí Cur i bhFeidhm

Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:

- ✓ Cartlannú sonraí; cad é atá ann agus cad chuige a bhfuil sé riachtanach?
- ✓ Tábhacht cúltaca agus aisghabháil
- ✓ Modhanna cúltacú
 - * Iomlán
 - * Difreálach
 - * Incriminteach
- ✓ An cuspóir atá le Plean Athshlánaithe ó Thubaiste
- ✓ Inneachar Plean Athshlánaithe ó Thubaiste
- ✓ Ceisteanna

</> Cartlannú Sonraí

Cad é atá ann agus cad chuige a bhfuil sé riachtanach?

Is é is cartlann ann, stóráil faisnéise go ceann tréimhse fhada ama. Is é atá i gceist le sonraí cartlannaithe ná faisnéis atá go fóill tábhachtach don eagraíocht ach nach mbeadh in úsáid láithreach agus seans go mbeadh sí tábhachtach le tagairt dó san am atá le teacht. B'fhéidir go mbeadh sonraí ann fosta a gcaithfear iad a choinneáil go ceann tréimhse ama le bheith ag cloí le reachtaíocht nó ionas gur féidir iniúchadh a dhéanamh.

Sonraí atá stóráilte i gcartlann, is dócha go ndéanfar iad a chomhbhrú ionas nach lionfaidh siad an spás céanna. B'fhéidir gur féidir é a stóráil fosta ar mheán stórála atá níos saoire, amhail dioscaí optúla. Sonraí atá stóráilte i gcartlann, caithfidh an t-úsáideoir deiridh bheith in ann teacht orthu más gá agus mar sin de, b'fhéidir go ndéanfaí iad a innéacsú ionas go mbeadh aimsiú agus aisfháil na gcomhad nó na bpíosaí sonraí atá de dhíth níos fusa.

Modh cúltacaithe	Buntáistí	Míbhuntáistí
Cúltaca iomlán – cóipeálann sé gach comhad le pictiúr iomlán de na sonraí a thabhairt ag nóiméad áirithe den am	<ul style="list-style-type: none"> Déantar gach rud a chúltacú ag an am chéanna Is féidir comhaid a thabhairt ar ais go gasta agus go furasta mar cóipeáiltear comhaid iomlán ón chúltaca 	<ul style="list-style-type: none"> An chuid is mó de na comhaid, ní athraíonn siad agus mar sin de, seans go mbeidh iomarcaíocht sna cúltacaí Am níos faide i gceist lena dheanamh cionn is go ndéantar cúltaca ar gach rud
Cúltaca dífreálach – ní chóipeálann ach na comhaid sonraí sin a athraíodh ón chúltaca iomlán deireanach	<ul style="list-style-type: none"> Níos gasta ná an t-ascgur incriminteach, cionn is nach n úsáideann sé ach an cúltaca iomlán is déanaí agus an cúltaca dífreálach is déanaí Ní dhéanann sé cóipeáil ach ar chomhaid a ndearnadh nuashonrú orthu, mar sin de, tá an cúltacú níos gasta ná cúltacú iomlán 	<ul style="list-style-type: none"> Tá níos mó spás stórála de dhíth ná cúltacú incriminteach Tá am níos faide de dhíth le comhaid a aischor ná le cúltacú incriminteach mar go gcóipeálfar na hathruithe uilig ón chúltacú iomlán deireanach
Cúltacú incriminteach – ní chóipeálann sé ach na comhaid a athraíodh ón chúltacú deireanach de chineál ar bith	<ul style="list-style-type: none"> Am níos gasta le cúltacú a dhéanamh mar ní gá ach comhaid athraithe a chóipeáil Níos lú den mheán stórála de dhíth le comhad incriminteach a stóráil, mar ní chóipeáiltear ach comhaid ina raibh athraithe 	<ul style="list-style-type: none"> Is féidir próiseas athshlánaithe bheith níos faide mar tá gach cúltacú incriminteach roimhe sin de dhíth sa phróiseas Is féidir fadhbanna a bheith ann má tá aon chúltacuithe incriminteacha truaillithe, ní bheifear ábalta an comhad iomlán a aisghabháil

An tabhacht a bhaineann le cúltaca agus athshlánú

Is é atá i gceist leis an phróiseas cúltacaithe ná cóipeanna a dhéanamh de bhogearraí nó de shonraí ar eagla go gcaillfí nó go ndéanfaí dochar do na bunchóipeanna. Má bhíonn cúltacú cuí ann, ciallaíonn sin gur féidir an córas nó na sonraí a athógáil go cruinn má theipeann ar an chóras.

I ndiaidh teip córais nó truailliú sonraí, beifear in ann na sonraí truaillithe nó caillte a athsholáthar ag úsáid cóipeanna ó phróiseas an chúltacaithe mar gheall ar an chúltaca.

Modhanna cúltacaithe

Táthar ag dúil leis go ndéanfaí cúltacaí ar bhonn rialta, ionas gur féidir aon nuashonruithe nó athruithe a rinneadh ón chúltaca deireanach a thabhairt san áireamh. Tá roinnt modhanna oibre ann maidir le cúltacú; tá breac-chuntas orthu thíos.

Cuspóir plean athshlánaithe ó thubaiste Is é is plean athshlánaithe ó thubaiste ann, doiciméad a mhionsonraíonn na modhanna oibre a bhaineann le córas TF a aisghabháil agus a chosaint má bhíonn tubaiste de chineál ar bith ann. Plean athshlánaithe ó thubaiste atá maith, ionchorpróidh sé foireann gnáthamh le tacú le haisghabháil nó feidhmiú leanúnach bonneagar rithábachtach teicneolaíocht i ndiaidh tubaistí nádúrtha, timpeallachta nó de dhéantús an duine.

Má tá plean athshlánaithe ó thubaiste deartha go maith, glacfaidh sé san áireamh riachtanais phróiseála agus oibritheacha na heagraíochta chomh maith le smaoineamh ar na fadhbanna féideartha a dtiocfadh leis a gcórais TF a nochtadh dóibh.

Inneachar plean athshlánaithe ó thubaiste

Beidh na rudaí seo a leanas, ar a laghad, i bplean athshlánaithe ó thubaiste:–

1. Cúiseanna féideartha na tubaiste – mionsonraí cúiseanna dóchúla na dtubaistí féideartha, mar shampla, b'fhéidir go sainaithneodh sé cúiseanna imní a bhaineann le dóiteán, gadaíocht sonraí nó crua-earraí, fadhbanna a bhaineann le caillteanas fada cumhachta nó teip teilceachumarsáide.
2. Na rudaí a nglactar leo agus an plean á scríobh, mar shampla, glactar leis go mbeidh gach ball foirne atá ábhartha a bhaineann le cur i bhfeidhm an phleana athshlánaithe ar fáil le tacú lena chur i bhfeidhm.
3. Scóip an phleana – sainaithneoidh sé na limistéir den bhonneagar atá clúdaithe ag an phlean. Agus scóip an phlean á shainaithint, b'fhéidir go dtabharfadh sé eolas ar limistéir na heagraíochta atá á dtacú ag na seirbhísí atá á sainaithint, tionchar na tubaiste féideartha ar an limistéir sin den eagraíocht agus tosaíocht maidir le haisghabháil gach ceann de na limistéir.
4. Polasaithe le tacú le leanúnachas an bhonneagair i limistéir a aithnítear i scóip an phlean.
5. Foireann le freagracht as a chinntiú go gcloítear le gach limistéir den phlean.
6. Plean gnímh – le cois na baill foirne nó na foirne a shainaithint a bhfuil freagracht acu as gach limistéir de bhonneagar na heagraíochta a aisghabháil, sainaithneoidh an plean na bearta a gcaithfidh siad a dhéanamh le haisghabháil a chinntiú. B'fhéidir go mbeadh mionsonraí ar na bearta le déanamh taobh istigh de thréimhse áirithe sa phlean gnímh, ó na bearta láithreacha go dtí bearta le déanamh ag idirchéimeanna le linn na mbeart aisghabhála go dtí bearta leantacha le déanamh i ndiaidh na tubaiste agus na hathshlánaithe ina dhiaidh.
7. Athbhreithniú agus tástáil a dhéanamh ar an phlean – ba chóir plean athshlánaithe ó thubaiste ar bith a thástáil agus a athbhreithniú ar bhonn rialta.



Ceisteanna

- 1** Bíonn lárionad áitiúil spóirt ag stóráil sonraí amhail mionsonraí na mball, tuairiscí ar thaismí agus ar theagmhais agus mionsonraí áirithintí sna cartlanna go ceann roinnt blianta i ndiaidh iad a fháil i dtosach.
- a. Mínigh cad é a chiallaíonn “sonraí a chartlannú”. [2]
- b. Mínigh cad chuige a bhfuil cartlannú riachtanach sa chás seo. [2]
- c. Is minic a bhíonn sonraí cartlannaithe innéacsaithe. Cad chuige ar gá sin a dhéanamh? [1]

- 2** Is minic a dhéantar sonraí a chúltacú lena chinntiú gur féidir é a aisghabháil má tharlaíonn tubaiste de chineál éigin.
- a. B'fhéidir go roghnódh roinnt eagraíochtaí beaga cúltacú iomlán a dhéanamh cionn is nach stóráilann siad ach méid beag sonraí. Sainaithin dhá bhuntáiste agus dhá mhíbhuntáiste den chúltacú iomlán. [4]
- b. Tá modhanna cúltacaithe eile ann, ar a n-áirítear cúltacaí incriminteacha agus cúltacaí iomlána difreálacha. Mínigh an difríocht idir an dá mhodh seo le cúltaca a dhéanamh. [4]

- 3** Caithfidh banc a bheith ábalta sonraí a aisghabháil go gasta má tharlaíonn teip de chineál ar bith ar an chóras. Sainaithin cineál cuí cúltaicthe sa chás seo agus luaigh 2 chúis le tacú le do fhreagra. [5]

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

- 4** Tá ríomhchóras nua suiteáilte ag gnólacht áitiúil. Thug an t-anailís atá páirteach sa phróiseas forbartha comhairle dóibh infheistiú a dhéanamh sa Phlean Athshlánaithe Ó Thubaiste.
- a. Cuir síos ar phríomhchuspóir plean athshlánaithe ó thubaiste agus an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach do ghnólacht plean dá leithéid a bheith i bhfeidhm. [3]
- b. Tabhair breac-chuntas ar phríomhinneachair plean athshlánaithe ó thubaiste. [6]

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

Leabharliosta

BCS Academy Glossary Working Party, 2013, *BCS Glossary of Computing and ICT*, 13ú hEagrán, Swindon, BCS Learning and Development Ltd.

5 Tabhair breac-chuntas ar an difríocht idir DFD Comhthéacs agus DFD leibhéal 1.

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

Leabharliosta

BCS Academy Glossary Working Party, 2013, *BCS Glossary of Computing and ICT*, 13ú hEagrán, Swindon, BCS Learning and Development Ltd

